

Conas a aithint nuair is bréagnuacht atá ann

Mar fheiniméan atá scaipthe ar fud an domhain, is feiceálaí go mór anois iad ‘bréagnuacht’ agus bréagaisnéis – faisnéis a ndéantar cúbláil uirthi d’aon turas ar mhaithe le dallamullóg a chur ar dhaoine. Mar thoradh ar na meáin shóisialta agus a n-uirlisí pearsantaithe, tá sé níos éasca scéalta bréagacha a scaipeadh. Is minic dóibh mothúcháin a thathant ar dhaoine le haird a tharraingt orthu féin agus cliceanna a ghríosadh, ar chúiseanna idir eacnamaíoch agus idé-eolaíoch. Fiú daoine óga, a bhfuil géarhuiscint ar an teicneolaíocht acu, is deacair leo nuacht chúbláilte a aithint. Scéal suntasach is ea é go gcuirtear ar aghaidh sé mhír nuachta as gach deich gcinn a roinntear ar na meáin shóisialta gan iad a léamh ar dtús. Tá thart ar 85 % de mhuintir na hEorpa den tuairim gur fadhb í ‘bréagnuacht’ ina dtír féin, agus measann 83 % gur fadhb í don daonlathas i gcoitinne. Beidh an compás seo ina chuidiú duit teacht slán as an manglam faisnéise agus do bhealach a dhéanamh trí na bréaga agus an bhreagaisnéis.

8. GLAC PÁIRT SA CHOMHRAC IN AGHAIDH SCÉALTA GAN BHUNÚS⁽²⁾

Fan ar an eolas faoi na seifteanna agus an scéalaíocht is déanaí atá in úsáid ag daoine chun bréagaisnéis a scaipeadh. Tuairiscigh scéalta bréige. Labhair le do chairde.

7. CUIR CEISTEANNA FAOI DO CHLAONTACHT FÉIN

Uaireanta bíonn cuma rómhaith ar scéal nó bíonn an iomarca spraoi ann le bheith fíor. Ná caill do mhisneach, ach cuir an scéal i gcomparáid lena bhfuil i bhfoinsí iontaofa agus coinnigh do stuaim.

6. DÉAN DO MHACHNAMH SULA ROINNEANN TÚ SCÉAL


D’fhéadfadh sé go bhfuil lúbadh déanta ar eachtraí a tharla i bhfírinne nó fadó – nó d’fhéadfadh sé gur aoir atá ann. Seans gur cumadh an cheannlíne sa chaoi go spreagfadh sí mothúcháin láidre. Má tharla eachtra dáiríre, beidh sí le feiceáil sna meáin iontaofa.

1. SEICEÁIL AN TÁBHAR

An bhfuil na fíoras agus na figiúirí cruinn? An bhfuil claonadh san alt? Más soláthraí meán inchreidte atá ann, is in op-ed seachas alt nuachta a aimseofar tuairimíocht aontaobhach.

2. SEICEÁIL AN SOLÁTHRAÍ

An bhfuil cur amach agat air? An bhfuil cuma aisteach ar an URL? Breathnaigh ar an rannóg ‘eolas fúinn’. Cé a bhunaigh é? Cé a thugann maoiniú dó? Breathnaigh arís ar a bhfuil le rá ag foinsí (inchreidte) eile.



3. SEICEÁIL AN TÚDAR

An ann don duine seo dáiríre? Beidh taifead agus teist i gcónaí ar iriseoir a bhfuil dea-cháil air nó uirthi. Is é is dóichí gur bréag atá os do chomhair amach más amhlaidh gur ghabh an t-údar ainm eile air nó uirthi féin (nó más amhlaidh nach bhfuil sé luaite ar chor a bith).

4. SEICEÁIL NA FOINSÍ

An ndeachaidh an t-údar i muinín foinsí iontaofa (soláthraithe meán atá seanbhunaithe agus a bhfuil dea-cháil orthu, mar shampla)? An fíor gur speisialtóir iad na saineolaithe a luaitear? D’fhéadfadh sé gur bréag atá sa scéal más amhlaidh gur foinsí anaithnide atá ann (nó más amhlaidh nár tugadh foinse ar bith).

5. SEICEÁIL NA PICTIÚIR

Bíonn íomhána cumhachtach agus is éasca iad a chúbláil. Is féidir íomhá a chuardach chun a fháil amach ar úsáideadh í cheana féin. Is féidir leat cuidiú a fháil ó bhreiseán InVID⁽¹⁾ chun cúbláil ar fhíseáin nó ar phictiúir a bhrath.

(1) Faigh an breiseán ó [thionscadal InVID](https://www.invid.io/).

(2) Mar shampla, lean [@EUvsDisinfo](https://twitter.com/EUvsDisinfo), [@DFRLab](https://twitter.com/DFRLab) nó [@stopfakeukraine](https://twitter.com/StopFakingNews)

Is athbheithniú é seo ar nóta ‘sracfhéachana’ a foilsíodh i mí an Mhárta 2017.

